Measúnacht Tionchair Comhionannais

1. Aidhmeanna an pholasaí á sainmhíniú

Is doiciméad ardleibhéil é an *Treo Straitéiseach* (*TS*) seo a leagann amach na mórchuspóirí atá ag Foras na Gaeilge mar eagraíocht agus a chlúdaíonn na réimsí den saol atá aitheanta againne mar thosaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an oileáin. Is bunchloch faoi phleanáil chorparáideach agus straitéiseach na heagraíochta é.

Tá ceithre Mhórchuspóir Straitéiseacha sa *TS* a chuimsíonn obair uile Fhoras na Gaeilge go seachtrach agus go hinmheánach:

- Cumas teanga
- Úsáid teanga
- Stádas agus dearcthaí teanga
- Rialachas eagraíochtúil

Foras na Gaeilge féin atá freagrach as an *TS* seo a chur i bhfeidhm, bunaithe ar na hacmhainní a chuireann an dá rialtas ar fáil dó. Aontaítear an buiséad bliantúil leis an dá Roinn Coimircíochta, an Roinn Forbartha Tuaithe, Pobal agus Gaeltachta ó dheas agus an Roinn Pobal ó thuaidh.

De réir ár bhfeidhmeanna reachtúla, bíonn Foras na Gaeilge ag iarraidh dul i gcion ar an oiread agus is féidir den phobal chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Beidh tionchar ag an *TS* seo ar gach duine, i bhfianaise ár róil mar eagraíocht uile-oileáin atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn. Ar na geallsealbhóirí is tábhachtaí dúinn tá pobal na Gaeilge, daoine ar mhaith leo cur lena n-eolas ar an nGaeilge agus daoine atá báúil nó fiosrach faoin teanga.

Faoi mhír 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, tá dualgas orainn an comhionannas deise agus an dea-chaidreamh a chur chun cinn agus is mar thoradh ar na forálacha sin a thugamar faoin Measúnacht Tionchair Comhionannais seo. Trí sin a dhéanamh, táimid ag iarraidh a chinntiú go rachaimid i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí ar phobail eile nach bhfuil chomh gafa sin leis an nGaeilge, go háirithe grúpaí mionlaigh agus eile atá luaite sa cháipéis seo.

Is dlúthchuid de phleanáil chorparáideach Fhoras na Gaeilge é an *TS*. Leagtar amach ann mórchuspóirí straitéiseacha na heagraíochta go ceann 5 bliana agus is orthu sin a bhunaítear an Plean Corparáideach, an Plean Gnó agus an Tuarascáil Bhliantúil. Sna cáipéisí sin ar fad, tugtar cuntas ar dhul chun cinn na n-aidhmeanna agus cuirtear níos mó mioneolais ar fáil faoi acmhainní agus buiséad chun tacú lena bhfeidhmiú.

Bíonn Foras na Gaeilge ag brath ar an dá Roinn Coimircíochta dá bhuiséad bliantúil ach le blianta ní leor an buiséad sin chun cuspóirí uile na heagraíochta a bhaint amach. Tá plé

ardleibhéil ar siúl ag Foras na Gaeilge faoin gceist seo leis na Ranna go leanúnach lena chinntiú go mbeidh dóthain acmhainní ag an eagraíocht chun a cuid cuspóirí a bhaint amach.

Mar thoradh ar an bpróiseas scagtha ar an gcéad dréacht den *TS*, cinneadh ar na cúiseanna seo a leanas gur ghá Measúnacht Tionchair Comhionannais a dhéanamh air:

- Tá cur chun cinn an chomhionannais mar chuid de;
- Tá tionchar aige ar líon mór daoine;
- Is cáipéis straitéiseach í seo a mbeidh buiséad suntasach de dhíth lena cur i bhfeidhm;
- Cuireann próiseas comhairliúcháin an *TS* deis ar fáil tuilleadh fianaise faoin gcomhionannas a bhailiú agus moltaí a dhéanamh.

Leanadh an chomhairle a thugtar sa cháipéis *Section 75 of the Northern Ireland Act 1998: Practical Guidance on Equality Impact Assessment* de chuid an Choimisiúin Comhionannais do Thuaisceart Éireann agus an mheasúnacht seo á déanamh. Eagraíodh sraith cruinnithe leis an gCoimisiún chomh maith chun an cur chuige a phlé agus gnéithe den phróiseas a shoiléiriú.

2. Anailís ar shonraí agus ar thaighde

D'úsáid Foras na Gaeilge fianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil chun an mhír seo a ullmhú. Tá caidreamh againn le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde (NISRA) agus mar chuid den mheasúnacht seo, lorgaíodh sonraí daonáirimh maidir le heolas ar an nGaeilge i measc na gcatagóirí comhionannais. Is sinne atá freagrach as an mórthionscadal taighde ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge a reáchtáiltear gach 10 mbliana. Bunaíodh cuid den mheasúnacht seo ar an eolas sin ó thuarascáil 2015, an leagan is déanaí atá ar fáil (tá leagan uasdátaithe le foilsiú faoi dheireadh 2025).

Cuirtear ceisteanna éagsúla sa daonáireamh faoi chumas Gaeilge agus scileanna teangeolaíocha éagsúla. De ghrá na simplíochta agus chun comparáidí leis na catagóirí comhionannais ar fad a éascú, shocraíomar díriú ar an bhfigiúr a léiríonn *cumas éigin* sa Ghaeilge, dar le freagróirí. Cuimsíonn sé sin na daoine uile a dúirt go raibh scil éigin Gaeilge acu (labhairt, scríobh, tuiscint nó léitheoireacht) nó meascán de na scileanna sin. In 2021, dúirt **12.4% den phobal (228,600 duine)** ó thuaidh go raibh cumas éigin sa Ghaeilge acu agus sin é an bonn comparáide a úsáidtear sa mheasúnacht seo.

2.1 Na catagóirí comhionannais

2.1.1 Creideamh reiligiúnach

Cuimsíonn creideamh reiligiúnach Protastúnaigh agus Caitlicigh agus ionadaithe ó chreidimh eile, mar shampla Hiondúigh, Giúdaigh, Moslamaigh etc. Tá daoine nach bhfuil creideamh reiligiúnach acu san áireamh chomh maith.

2.1.2 Tuairim pholaitiúil

Cuimsíonn tuairim pholaitiúil aontachtaithe, náisiúnaithe agus baill nó lucht tacaíochta páirtithe polaitiúla. Ní chuirtear ceist sa daonáireamh faoin gclaonadh polaitiúil ach iarrtar ar dhaoine ceist a fhreagairt faoi fhéiniúlacht náisiúnta (Briotanach, Éireannach, Éireannach Tuaisceartach etc.). Cé go bhfuil comhchoibhneas áirithe idir tuairim pholaitiúil agus féiniúlacht, is gá a bheith cúramach mar ní léiriú beacht é ceann amháin ar an gceann eile.

2.1.3 Grúpa cine

Cuimsíonn grúpa cine daoine den chine geal, Taistealaithe Éireannacha, Afracaigh dhubha, Indiaigh, Sínigh srl., nó daoine a bhfuil eitneacht mheasctha acu.

2.1.4 Aois

Is gá cohórt éagsúla aoise a úsáid chun tuiscint níos mine a fháil ar an athrú a thagann ar chumas agus ar úsáid teanga le linn shaol an duine. Mar shampla, i bhfianaise an tionchair a bhíonn ag an gcóras oideachais ar chumas Gaeilge an pháiste, is gá idirdhealú a dhéanamh idir leanaí in aois scoile agus daoine níos sine. Is minic a thagann titim i gcumas Gaeilge daoine tar éis dóibh an scoil a fhágáil ag aois 18, ach go n-ardaíonn an cumas arís má phósann siad nó má dhéanann siad cumann fadtéarmach le páirtí níos déanaí sa saol. Mar sin, chun léiriú níos cruinne a fháil ar chúrsaí aoise, tá cinneadh déanta againn anseo cloí leis an rogha '7 gcatagóir (A)' de chuid NISRA (0-15, 16-24, 25-34, 35-44, 45-54, 55-64, 65+).

2.1.5 Stádas pósta

Cuimsíonn sé seo daoine pósta, daoine neamhphósta, daoine i bpáirtnéireacht shibhialta, daoine colscartha nó scartha agus baintreacha.

2.1.6 Claonadh gnéis

Cuimsíonn sé seo daoine aeracha, daoine aiteacha, leispiaigh, daoine déghnéasacha agus daoine heitrighnéasacha.

2.1.7 Inscne

'Fir' agus 'mná' na catagóirí a ndéanann NISRA tuairisciú ina leith agus 'gnéas' a thugtar ar na catagóirí sin. Ó thaobh an chomhionannais, is inmholta tagairt a dhéanamh don inscne, a chuimsíonn fir, mná, daoine trasinscneacha, daoine idirghnéasacha etc.

2.1.8 Míchumas

Cuimsíonn míchumas daoine faoi mhíchumas mar a shainmhínítear sa *Disability Discrimination Act 1995*.

2.1.9 Cleithiúnaithe

Cuimsíonn cleithiúnaithe daoine a bhfuil freagracht phríomhúil orthu i leith cúram páiste, cúram duine faoi mhíchumas agus cúram duine scothaosta cleithiúnach. Ní chuirtear ceist sa daonáireamh ach faoi dhaoine a bhfuil páistí cleithiúnacha acu nó nach bhfuil.

2.2 Foinsí eolais

Ó thaobh foinsí cainníochtúla, baineann an-luach leis na staitisticí daonáirimh chun léargas a thabhairt ar chumas Gaeilge na gcatagóirí éagsúla comhionannais i gcomparáid leis an daonra ar fad. Mar sin, is é Daonáireamh Thuaisceart Éireann 2021 an phríomhfhoinse a bhfuil an mheasúnacht seo bunaithe uirthi. Iarradh ar NISRA táblúchán speisialta a dhéanamh a chuimseodh na comhchoibhnis idir eolas ar an nGaeilge agus na catagóirí éagsúla comhionannais. Trí sin a dhéanamh, bhí sé d'aidhm ag Foras na Gaeilge léiriú a fháil ar an eolas ar an nGaeilge a mhaíonn daoine sna catagóirí éagsúla, ionas go bhfaighimis léargas níos soiléire ar fhoghrúpaí a bhfuil eolas ar an nGaeilge nó nach bhfuil eolas ar an nGaeilge acu.

Maidir le foinsí cáilíochtúla, d'oibrigh Foras na Gaeilge trínár dteagmhálacha féin le grúpaí pobail atá ann cheana le fada agus lorgaíomar comhairle ar an gCoimisiún Comhionannais do Thuaisceart Éireann chun cabhrú linn tuilleadh grúpaí cuí a aithint.

2.3 Bailiú sonraí

Rinneadh scagadh ar staitisticí ó dhaonáireamh Thuaisceart Éireann 2021 agus rinneadh cíoradh chomh maith ar thuarascáil taighde Fhoras na Gaeilge *Dearcadh an Phobail i Leith na Gaeilge* (2015). Mar chuid de phróiseas comhairliúcháin phoiblí, cuireadh suirbhé gearr faoin *TS* ar líne agus tugadh cuireadh do dhaoine é a chomhlánú agus/nó aighneacht a chur isteach (féach tuilleadh eolais faoi Mhír 5 thíos).

Rinneadh anailís ar fhoilseacháin acadúla chomh maith chun tuilleadh eolais faoin gcomhthéacs a sholáthar agus chuathas i gcomhairle le hardbhainistíocht Fhoras na Gaeilge maidir le taithí inmheánach na heagraíochta ar a bheith ag plé le pobal an Tuaiscirt le 25 bliain.

3. Measúnú tionchair

Bunaithe ar ár dtaithí fhairsing ar phobal an Tuaiscirt agus ar thaighde a rinneamar le haghaidh na measúnachta seo, aithníonn Foras na Gaeilge gur gá bearta breise a ghlacadh i gcás **3 cinn** de na catagóirí comhionannais chun feabhas a chur ar a gcaidreamh leis an nGaeilge agus tríd sin, chun an comhionannas deise agus an dea-chaidreamh a chur chun cinn: (a) creideamh reiligiúnach, (b) tuairim pholaitiúil agus (c) grúpa cine. Mar thoradh ar bhearta atá i bhfeidhm againn cheana, creidimid nach bhfuil tionchar díobhálach ag ár gcuid oibre ar na grúpaí sin agus nach bhfuil leatrom díreach ná indíreach i gceist. Mar sin féin, i bhfianaise nádúr na sochaí ó thuaidh agus na gcoimhlintí a leanann ceisteanna teanga agus féiniúlachta, aithnímid gur gá iarrachtaí breise a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn go tuisceanach agus go cáiréiseach i measc na ngrúpaí sin nach mbraitheann go mbaineann sí leo. Táimid diongbháilte inár dtuairim gur fórsa dearfach ionchuimsitheachta í an Ghaeilge a bhaineann le cách agus teastaíonn uainn ár ndualgas i dtaca le cur chun cinn na teanga a chomhlíonadh i ngach cuid den phobal agus i ngach cearn den oileán.

Déanaimid anseo thíos cur síos ar an measúnú a rinneadh ar gach ceann de na catagóirí comhionannais. Faoi mhír 4, mínímid na bearta breise maolaithe atá luaite againn sa *TS* a bhfuil súil againn go rachaidh siad i ngleic leis an tionchar difreálach diúltach sin atá le feiceáil ónár dtaighde. Is le haigne oscailte a thugaimid faoin measúnacht seo agus bhíomar ag súil le moltaí fiúntacha, cuiditheacha a fháil ó na spriocghrúpaí a chabhródh linn ár misean agus ár bhfís a chur i bhfeidhm.

3.1 Creideamh reiligiúnach

Léiríonn staitisticí daonáirimh ó 2021 an dealú seo a leanas de réir reiligiúin: Caitliceach (42.3%), Preispitéireach (16.6%), Eaglais na hÉireann (11.5%) Meitidisteach (2.3%), creidimh Chríostaí eile (6.9%); creidimh eile (1.3%). Dúirt 17.4% den daonra nach raibh creideamh ar bith acu, méadú suntasach ó 2011.

Is mó go mór an cumas Gaeilge atá ag Caitlicigh ná ag Protastúnaigh. Dúirt 24.9% de Chaitlicigh go raibh Gaeilge acu i gcomparáid le 1.0% de Phreispitéirigh, 1.3% de bhaill Eaglais na hÉireann, 1.2% de Mheitidistigh agus 2.5% de chreidimh Chríostaí eile. Tá an scéal amhlaidh mar thoradh ar choimhlintí polaitiúla, go háirithe ó aimsir na dTrioblóidí i leith, ón uair gur ceanglaíodh an Ghaeilge go láidir leis an bpobal Caitliceach agus gur fhás bearna idir í agus an pobal Protastúnach. Tá cumas Gaeilge níos mó ag daoine a bhfuil creidimh eile acu (7.0%), daoine nach bhfuil creideamh ar bith acu (6.6%) agus daoine nár fhreagair an cheist (11.8%) ach is í an difríocht idir Caitlicigh agus Protastúnaigh is mó a léiríonn difreáil.

Scríobhadh an méid seo a leanas faoi chúrsaí creidimh, cumas Gaeilge agus dearcadh ina leith sa tuarascáil taighde *Dearcadh an Phobail i Leith na Gaeilge* (2015):

> I dTuaisceart Éireann bhí minicíocht labhairt na Gaeilge cuid mhór níos airde i measc Caitliceach (25 faoin gcéad) seachas Protastúnaigh (2 faoin gcéad) (lch. 66).
>
> I dTuaisceart Éireann, taifeadadh dearcadh seasmhach sna ngrúpaí déimeagrafacha go léir ach amháin i réimsí an oideachais agus an reiligiúin. Iad siúd a raibh ardleibhéil oideachais acu, bhí dearcadh i bhfad níos dearfaí acu i leith na teanga, mar a bhí ag daoine de chúlra Caitliceach (44 faoin gcéad 'go láidir i bhfách'). Ba lú an tacaíocht don teanga i measc freagróirí de chúlra Protastúnach (4 faoin gcéad a bhí 'go láidir i bhfách') agus ba mhó seans go dtuairisceoidís nach raibh tuairim láidir acu bealach amháin nó bealach eile (55 faoin gcéad) i dtaobh na teanga. Ní raibh ach líon beag Protastúnach ann a raibh dearcadh diúltach acu i leith na teanga (9 faoin gcéad 'cineál in éadan'; 19 faoin gcéad 'go láidir in éadan') (lch. 78).

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo go bhfuil go leor oibre le déanamh fós chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na bProtastúnach. Aithnímid chomh maith go bhfuil féidearthachtaí fáis le tabhairt faoi deara i gcás na gcreideamh eile agus i gcás daoine gan chreideamh.

3.2 Tuairim pholaitiúil

Ní chuirtear ceist faoi thuairim pholaitiúil an duine sa daonáireamh agus ní féidir sonraí ó cheisteanna eile a úsáid mar athróga ionadaíocha. Tá comhchoibhneas áirithe idir tuairim pholaitiúil agus féiniúlacht náisiúnta, athróg a scrúdaítear sa daonáireamh, ach caithfear a bheith cáiréiseach faoin tátal a bhaintear as na staitisticí sin toisc nach ionann iad agus léiriú ar thuairimí polaitiúla. Á aithint sin dúinn, úsáidimid staitisticí daonáirimh faoi fhéiniúlacht náisiúnta sa mhír seo chomh maith le heolas ó phobalbhreitheanna ábhartha a rinneadh le blianta beaga anuas.

I ndaonáireamh 2021, rinne 814,600 duine nó 42.8% den daonra ionannú leis an bhféiniúlacht Bhriotanach amháin nó i dteannta féiniúlachtaí náisiúnta eile. Ba thitim é sin ó 48.4% in 2011. Rinne 634,600 duine nó 33.3% den daonra ionannú leis an bhféiniúlacht Éireannach amháin nó i dteannta féiniúlachtaí náisiúnta eile. Ba mhéadú é sin ó 28.4% in 2011. Roghnaigh 598,800 duine (31.5%) an fhéiniúlacht Éireannach Tuaisceartach amháin nó i dteannta féiniúlachtaí náisiúnta eile. Ba mhéadú é sin ó 29.4% in 2011.

Is lú go mór é céatadán na ndaoine a bhfuil féiniúlacht Bhriotanach acu agus a bhfuil cumas Gaeilge acu (1.3%) ná na daoine a bhfuil féiniúlacht Éireannach acu agus a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu (33%). Tá céatadán na ndaoine a roghnaigh Briotanach agus Éireannach Tuaisceartach agus a bhfuil Gaeilge acu bídeach (0.8%) ach is mó go mór é an céatadán daoine a roghnaigh Éireannach agus Éireannach Tuaisceartach (22.6%). Tá níos mó seans ann go mbeidh an Ghaeilge ar eolas ag daoine a roghnaíonn an fhéiniúlacht Éireannach Tuaisceartach amháin (7%) ach is í an chodarsnacht idir féiniúlacht Éireannach agus féiniúlacht Bhriotanach is mó a léiríonn difreáil.

Fiafraítear de fhreagróirí an *Northern Ireland Life and Times Survey* (a) cé dó a vótálann siad agus (b) cén fhéiniúlacht pholaitiúil lena n-ionannaíonn siad. Toisc nach gcuirtear ceist faoin nGaeilge san *NILT* áfach, níl eolas ar fáil faoin gcomhchoibhneas idir cumas teanga agus dearcadh polaitiúil. Mar sin féin, tá eolas ábhartha ar fáil ó phobalbhreitheanna a rinneadh le blianta beaga anuas, mar shampla:

- Léirigh pobalbhreith de chuid LucidTalk in 2017 gur thacaigh formhór vótóirí an DUP le seasamh an pháirtí i gcoinne acht teanga don Ghaeilge a raibh feachtas ar siúl ar a shon ag an am. Thacaigh 65.6% de vótóirí an DUP go hiomlán le seasamh an pháirtí agus 49.7% de vótóirí ar son páirtithe aontachtacha eile. Dúirt 90% de vótóirí náisiúnacha go raibh an ceart ag Sinn Féin brú ar son achta Gaeilge agus chreid 68% go raibh an ceart ag Sinn Féin gan filleadh ar an bhFeidhmeannas gan comhaontú a bheith déanta faoi acht Gaeilge.[1]

[1] https://www.northernslant.com/what-do-people-think-about-an-irish-language-act-results-from-lucidtalks-latest-poll/

- Léirigh pobalbhreith uile-oileáin de chuid Kantar a foilsíodh ar an *Belfast Telegraph*, *Sunday Life*, *Irish Independent* agus *Sunday Independent* in 2021 gur shíl 29% de phobal an Tuaiscirt go raibh an Ghaeilge tábhachtach. Chreid 47% de na freagróirí ó thuaidh nach raibh an Ghaeilge tábhachtach. Léirigh an phobalbhreith gur tháinig an chuid is mó den tacaíocht ó dhaoine a raibh féiniúlacht Éireannach acu, ó dhaoine a raibh cúlra náisiúnach nó poblachtach acu agus ó dhaoine a bhí i bhfabhar Éire aontaithe. Chreid formhór na ndaoine nár thacaigh le hÉire aontaithe, daoine a raibh féiniúlacht Bhriotanach acu nó a bhain leis na pobail aontachtacha nó dílseacha nach raibh an Ghaeilge tábhachtach.[2]

Léiríonn gné-alt a foilsíodh nuair a bhí feachtas an achta faoi lánseoil in 2020 na cúiseanna a bhí leis an bhfreasúra aontachtach:

> Political unionism for many years has had an uncomfortable relationship with Irish and its speakers. The idea of an Irish Language Act is controversial is because language is at the heart of culture and identity.
>
> As if to underline the point, senior Orangeman Rev Mervyn Gibson reiterated the Orange Order's opposition to a standalone act this week saying it would be unacceptable to his organisation's members.
>
> He was quoted by the BBC as saying he was concerned an act would be used to "further the Irish identity in a way that puts it above the British identity".[3]

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo go bhfuil go leor oibre le déanamh fós againn chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine a bhfuil féiniúlacht Bhriotanach acu agus/nó a shamhlaíonn iad féin mar aontachtaithe, le hais daoine a bhfuil féiniúlacht Éireannach acu agus/nó a shamhlaíonn iad féin mar náisiúnaithe. Ar mhaithe le simplíocht, úsáidimid an lipéad Protastúnach/aontachtach/dílseach (PAD) sa cháipéis seo cé go gceileann téarma ginearálta mar sin an éagsúlacht mhór atá sna pobail sin agus na caidrimh chasta atá eatarthu. Aithnímid chomh maith go bhfuil féidearthachtaí fáis sna torthaí a bhaineann le creidimh eile agus go háirithe i measc daoine gan chreideamh/nár fhreagair an cheist.

3.3 Grúpa cine

Léirigh daonáireamh 2021 méadú mór in éagsúlacht dhaonra an Tuaiscirt idir 2011 agus 2021. Bhain sé sin leis na hathróga 'grúpa eitneach', 'príomhtheanga', 'tír bhreithe' agus

[2] https://www.belfasttelegraph.co.uk/news/republic-of-ireland/centenary-poll-suggests-only-29-of-people-in-northern-ireland-consider-irish-language-to-be-important/40375679.html

[3] https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/explainer-breaking-the-deadlock-over-an-irish-language-act-1.4135275

‘cineál pas a bhí i seilbh an fhreagróra’. Chuireamar na hathróga ‘grúpa eitneach’ agus ‘tír bhreithe’ amháin san áireamh sa mhír seo. Ar lá an daonáirimh, dúirt 65,600 duine nó 3.4% den daonra gur bhain siad le grúpaí mionlaigh eitneacha, dhá oiread an céatadán in 2011. Maidir le tír bhreithe a thugann léargas ar phatrúin imirce isteach, in 2021 rugadh 256,900 duine nó 13.5% den daonra lasmuigh den Tuaisceart. Rugadh 124,300 duine nó 6.5% den daonra lasmuigh den Ríocht Aontaithe agus d’Éirinn.

Dar le sonraí daonáirimh ó 2021, tá eolas ar an nGaeilge níos láidre i measc daoine den chine geal (12.7%) níos airde ná go leor grúpaí eitneacha eile: Indiaigh (3.6%), Sínigh (3.9%), Filipínigh (5.1%), Pacastánaigh (4.6%), Arabaigh (3.6%), Áisigh eile (5.3%), Afracaigh dhubha (6.5%) agus daoine dubha eile (8.8%). Tá Gaeilge ag 8.1% de dhaoine a bhfuil eitneacht mheasctha acu agus ag 14.7% de dhaoine a bhfuil eitneachtaí eile acu. Níl difríocht shuntasach idir an meánfhigiúr agus na torthaí maidir le Taistealaithe (12.8%) ná Romaigh (13.3%). Cé go bhfuil cuma eisceachtúil ar na torthaí deireanacha seo go háirithe, ní mór a chur san áireamh go bhfuil na céatadáin sin bunaithe ar dhaonraí beaga.

Maidir le tír bhreithe lasmuigh d’Éirinn agus den Ríocht Aontaithe, tá eolas ar an nGaeilge i bhfad níos laige ná an meánfhigiúr den chuid is mó: tíortha AE (7.1%); tíortha neamh-AE (5%); an Afraic (4.4%); an Meán-Oirthear agus an Áise (4.4%); Meiriceá Thuaidh agus Theas agus Muir Chairib (10.4%).

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo go bhfuil go leor oibre le déanamh againn chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine a bhaineann le cúlraí eitneacha eile seachas an cine geal agus i measc inimircigh a rugadh lasmuigh d’Éirinn agus den Ríocht Aontaithe.

3.4 Aois

Léiríonn daonáireamh 2021 go bhfuil daonra an Tuaiscirt ag dul in aois. Tharla méadú níos mó i líon na ndaoine os cionn 65 ná i líon na bpáistí 0-14. Tá impleachtaí aige seo do gach gné den phleanáil shochaíoch, cúrsaí teanga san áireamh.

Maidir leis an nGaeilge, níl difríocht shuntasach idir an meánfhigiúr agus an cumas Gaeilge i gcohóirt éagsúla aoise, seachas go bhfuil an banda is óige níos láidre agus an banda is sine níos laige, mar a bheifí ag súil leis i bhfianaise ról an chórais oideachais: (0-15: 15.6%; 25-34: 14.5%; 35-44: 14.3%; 45-54: 12.5%; 55-64: 11.8%; 65+: 9.1%). Is suntasaí iad na difríochtaí ó dheas de réir na gcohórt aoise.

Tugadh léargas ar labhairt na Gaeilge i measc cohóirt éagsúla aoise sa taighde *Dearcadh an Phobail i Leith na Gaeilge* (2015):

> Bhí níos mó Gaeilge á labhairt ag daoine san aoisghrúpa 35-54 (15 faoin gcéad) seachas iad siúd san aoisghrúpa 18-34 (13 faoin gcéad) nó 55+ (9 faoin gcéad). Ar aon dul leis na torthaí i bPoblacht na hÉireann, is iad na freagróirí a bhfuil ardleibhéil oideachais acu is minice a labhraíonn Gaeilge (lch. 66).

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo nach dócha go mbeidh tionchar difreálach diúltach ag an bpolasaí seo ar dhaoine de réir cohóirt aoise. Aithnímid áfach go mbeidh difríochtaí suntasacha i gceist bunaithe ar reiligiún nó féiniúlacht náisiúnta.

3.5 Stádas pósta

Dar le daonáireamh 2021, bhí 693,000 duine fásta (46%) pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta. Bhí 577,000 duine fásta singil (38%). Léiríonn na staitisticí titim i gcéatadán na ndaoine pósta agus méadú i líon na ndaoine singil nó coscartha/ina mbaintreacha le 50 bliain anuas, ar aon dul le hathrú comhchosúil sa Bhreatain le linn na tréimhse céanna.

Níl difríocht shuntasach idir na sonraí daonáirimh i dtaca le heolas ar an nGaeilge agus daoine a bhfuil stádais phósta éagsúla acu (daoine singil: 14.4%; daoine pósta: 12.1%; daoine i bpáirtnéireacht shibhialta: 13.7%; daoine scartha: 13.4%; daoine colscartha: 9.7%; baintreacha: 8.7%).

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo nach dócha go mbeidh tionchar difreálach diúltach ag an bpolasaí seo ar dhaoine ó thaobh stádas pósta.

3.6 Claonadh gnéis

I ndaonáireamh 2021, dúirt 31,600 duine nó 2.1% den daonra gur ionannaigh siad le claonadh gnéis leispiach, aerach, déghnéasach nó eile (seachas heitrighnéasach). Bhí beagnach dhá oiread an chéatadán sin i gceist i mBéal Feirste. Dúirt 1.36 milliún duine nó 90% den phobal go raibh siad heitrighnéasach.

As na daoine a roghnaigh claonadh gnéis seachas heitrighnéasacht, thuairiscigh 5,641 acu nó 17.8% go raibh eolas ar an nGaeilge acu, go maith os cionn an mheánfhigiúir.

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo nach dócha go mbeidh tionchar difreálach diúltach ag an bpolasaí seo ar dhaoine ó thaobh claonadh gnéis.

3.7 Inscne

Ní úsaideann NISRA ach na catagóirí ‘fir’ agus ‘mná’ i dtaca leis an gceist seo. Bhí 967,000 baineannach agus 936,100 fireannach i dTuaisceart Éireann ar lá an daonáirimh in 2021. In aghaidh gach 100 baineannach bhí 96.8 fireannach ann.

Níl difríocht shuntasach idir meánfhigiúr an chumais Gaeilge agus céatadán na mban a bhfuil Gaeilge acu (12.6%) ná céatadán na bhfear (12.3%).

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo nach dócha go mbeidh tionchar difreálach diúltach ag an bpolasaí seo ar dhaoine ó thaobh inscne.

3.8 Míchumas

Léiríonn sonraí dhaonáireamh 2021 go raibh fadhb sláinte fhadtéarmach shriantach nó míchumas ar 463,000 duine (24.3%). Is mó seans go mbeidh a leithéid i gceist i gcás daoine os cionn 40 bliain d'aois agus go háirithe daoine os cionn 65.

Níl difríocht shuntasach idir an meánfhigiúr agus an sciar den phobal atá faoi mhíchumas (daoine a bhfuil a ngníomhaíochtaí laethúla srianta go mór: 9.8%; daoine atá srianta de bheagán: 10.7%; daoine nach bhfuil srianta: 13.2%).

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo nach dócha go mbeidh tionchar difreálach diúltach ag an bpolasaí seo ar dhaoine ó thaobh míchumais.

3.9 Cleithiúnaithe

Ní chuirtear ach ceist amháin faoin téama seo sa daonáireamh. Baineann sí le páistí cleithiúnacha i dteaghlaigh agus ní le cúram daoine fásta.

Bunaithe ar na sonraí daonáirimh, níl difríocht shuntasach idir an meánfhigiúr maidir le cumas Gaeilge agus céatadán na ndaoine nach bhfuil páistí cleithiúnacha acu (11.7%) agus céatadán na ndaoine a bhfuil páistí cleithiúnacha acu (13.4%).

Is é an tátal a bhaineann Foras na Gaeilge as an eolas seo nach dócha go mbeidh tionchar difreálach diúltach ag an bpolasaí seo ar dhaoine ó thaobh cleithiúnaithe.

4. Bearta chun tionchar diúltach a mhaolú agus bearta malartacha chun comhionannas deise a chur chun cinn

Cuireadh na ceisteanna ar lch. 30 den *Practical Guidance on Equality Impact Assessment* san áireamh nuair a bhí cinneadh á dhéanamh againn maidir le roghanna éagsúla chun dul i ngleic le tionchar diúltach ar ghrúpaí éagsúla agus/nó ar bhearta a d'fheabhsódh comhionannas deise do na grúpaí sin. Rinneadh machnamh chomh maith ar ghá bearta ar leith a ghlacadh lena chinntiú go mbeadh an polasaí éifeachtach do na grúpaí sin.

Tá go leor oibre á dhéanamh ag Foras na Gaeilge go leanúnach chun tionchar difreálach a mhaolú sna catagóirí atá aitheanta againn mar thosaíochtaí. Sa mhír seo, déanaimid cur síos ar na bearta atá i bhfeidhm cheana agus na cinn bhreise atá sé i gceist againn a fhorbairt le

linn shaolré an *TS* seo. Ó thaobh rialachas na heagraíochta, bhí Foras na Gaeilge i bpáirt le Gníomhaireacht na hUltaise i mbun athbhreithniú in 2025 ar *Scéim Comhionannais an Fhorais Teanga*. In 2024, cuireadh oiliúint feasachta i leith an chomhionannais ar an bhfoireann uile, a chuimsíonn na fostaithe in oifig Bhéal Feirste, agus cuirfear dlús léi sin amach anseo.

4.1 Creideamh reiligiúnach

Tá bearta suntasacha i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge cheana féin chun dul i ngleic leis an difreáil idir cumas Gaeilge an phobail Phrotastúnaigh agus an phobail Chaitlicigh:

- Mar chuid dár ndualgas an dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil creidimh dhifriúla acu, tá maoiniú mór á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge le cúpla bliain anuas don Misean Oirthear Bhéal Feirste agus Naíscoil na Seolta, dhá thionscadal cheannródaíocha Gaeilge a fhreastalaíonn ar an bpobal PAD in oirthear Bhéal Feirste.
- Cuirimid maoiniú ar fáil do ghrúpaí a bhíonn an-ghníomhach ag soláthar ranganna agus imeachtaí dírithe ar an bpobal PAD.
- Bíonn craoltóirí ón bpobal PAD le clos ar Raidió Fáilte i mBéal Feirste, stáisiún a dtugaimid bunmhaoiniú mór dó agus a dtugann grúpaí foghlaimeoirí ón bpobal PAD cuairt air go minic.

Leanfar leis an tacaíocht sin thuas le linn thréimhse an *Treo Straitéisigh* seo agus cothófar naisc níos doimhne leis an bpobal PAD trí bheart nua suntasach:

- Tá athrú déanta ag Foras na Gaeilge ar an struchtúr bainistíochta lena chinntiú go dtreiseofar tuilleadh na naisc leis an bpobal PAD. Ó 2023, tá freagracht ar an Leas-Phríomhfheidhmeannach, atá lonnaithe in oifig Bhéal Feirste, as an gcaidreamh sin. Is léiriú ardleibhéil é seo ar a thábhachtaí atá an cheist seo d'Fhoras na Gaeilge agus ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh againn an difreáil maidir le cumas Gaeilge idir an dá phríomhphobal a mhaolú.
- Comhoibríonn Foras na Gaeilge go dlúth le Gníomhaireacht na hUltaise, ar cuid den Fhoras Teanga í. Cuireann an Ghníomhaireacht teanga agus cultúr na hUltaise chun cinn, tréithe a bhfuil gean ag go leor den phobal PAD orthu. Le linn thréimhse an *TS* seo, cuirfimid leis an gcomhoibriú sin agus tapóimid deiseanna chun comhthionscadail a fhorbairt a chuirfidh le comhthuiscint idir an dá phobal.

4.2 Tuairim pholaitiúil

Féach a bhfuil scríofa thuas i dtaca le creideamh reiligiúnach. Tá na bearta céanna á ndéanamh againn chun an difreáil idir cumas Gaeilge daoine a bhfuil tuairimí éagsúla polaitiúla/féiniúlachtaí náisiúnta éagsúla acu a mhaolú.

Chomh maith leis seo, bíonn ardbhainistíocht Foras na Gaeilge gníomhach ag bualadh le hionadaithe polaitiúla ó na páirtithe ar fad ag leibhéil éagsúla ar mhaithe le deiseanna

ardaithe feasachta a aimsiú agus comhoibriú féideartha a fhiosrú. Leanfar den obair sin le linn shaolré an *TS* seo.

4.3 Grúpa cine

Tá bearta suntasacha i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge cheana féin chun dul i ngleic leis an difreáil idir cumas Gaeilge daoine a bhaineann le ciníocha éagsúla agus/nó inimircigh:

- Thacaigh Foras na Gaeilge go stairiúil le *Céad Míle Fáilte*, tionscadal de chuid na Ceanneagraíochta Conradh an Gaeilge a bhfuil sé d'aidhm aige cúnamh a thabhairt do dhaoine atá tagtha go hÉirinn as tíortha éagsúla leis an nGaeilge a fhoghlaim. Le linn shaolré an *TS* seo, beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh cur leis na hacmhainní a bheidh ar fáil chun tacú le grúpaí Gaeilge sa phobal le freastal níos fearr a dhéanamh ar inimircigh agus pobail mhionlaigh eile.
- San athbhreithniú ar mhúineadh na Gaeilge do dhaoine fásta atá molta sa *TS* seo, cinnteoimid go ndéanfar freastal ar leith ar fhoghlaimeoirí nach bhfuil cúlra Éireannach acu, ionas go mbeidh teacht níos saoráidí ag níos mó daoine ar an teanga. Cinnteoimid chomh maith go mbeidh acmhainní siollabais agus foghlama in oiriúint don éagsúlacht i measc foghlaimeoirí.
- Bunaithe ar an dea-chleachtas i dtíortha eile, forbróidh Foras na Gaeilge feachtais feasachta sna meáin chumarsáide a léireoidh inimircigh a bhfuil an Ghaeilge foghlamtha acu.
- Leanfaimid dár bpolasaí tacú leis an éagsúlacht ar na cuntais meán sóisialta atá faoinár gcúram, trína chinntiú go léireofar an éagsúlacht ciníocha agus go dtacófar le himeachtaí cultúrtha a bhaineann le pobail mhionlaigh in Éirinn.
- Inár scéimeanna iarrfaimid ar iarrthóirí a léiriú conas a thacóidh siad le cur chun cinn an chomhionannais idir ciníocha san obair a mhaoiníonn Foras na Gaeilge agus cuirfear na freagraí sin san áireamh agus iarratais á meas.

4.4 Aois

Níl beart maolaithe á mholadh againn i dtaca leis seo. Tá bearta á nglacadh ag Foras na Gaeilge cheana féin chun cohóirt éagsúla aoise a aithint:

- Leanfaimid dár bpolasaí tacú leis an éagsúlacht ar na cuntais meán sóisialta atá faoinár gcúram, trína chinntiú go léireofar an éagsúlacht aoise iontu.
- Inár scéimeanna iarrfaimid ar iarrthóirí a léiriú conas a thacóidh siad le cur chun cinn an chomhionannais aoise san obair a mhaoiníonn Foras na Gaeilge agus cuirfear na freagraí sin san áireamh agus iarratais á meas.

4.5 Stádas pósta

Níl beart maolaithe á mholadh againn i dtaca leis seo.

4.6 Claonadh gnéis

Níl beart maolaithe breise á mholadh againn i dtaca leis seo. Tá bearta i bhfeidhm cheana féin ag Foras na Gaeilge chun an comhionannas i dtaca le claonadh gnéis a chur chun cinn:

- In 2022, chuir an Coiste Téarmaíochta comhairle ar eagarthóirí an dara eagrán den *Foclóir Aiteach* a foilsíodh an bhliain sin. D'fhaomh an Coiste beagnach 60 téarma nua le húsáid san eagrán sin. Tá obair leanúnach á déanamh sa réimse seo chun téarmaí cuí a fhorbairt i bpáirt le grúpa ionadaíoch ón bpobal LADTA+.
- Leanfaimid dár bpolasaí tacú leis an éagsúlacht ar na cuntais meán sóisialta atá faoinár gcúram, trína chinntiú go léireofar an éagsúlacht i dtaca le claonadh gnéis san ábhar a fhoilsímid agus go dtacófar le himeachtaí cultúrtha an phobail LADTA+.
- Inár scéimeanna iarrfaimid ar iarrthóirí a léiriú conas a thacóidh siad le cur chun cinn an chomhionannais i dtaca le claonadh gnéis san obair a mhaoiníonn Foras na Gaeilge agus cuirfear na freagraí sin san áireamh agus iarratais á meas.

4.7 Inscne

Níl beart maolaithe breise á mholadh againn i dtaca le cúrsaí inscne. Tá bearta á nglacadh ag Foras na Gaeilge cheana féin sa réimse seo:

- Bíonn an-aird ag foireann na foclóireachta ar an gcomhionannas nuair a bhítear ag ceapadh abairtí samplacha. Sa lámhleabhar eagarthóireachta, moltar a bheith aireach faoi úsáid agus faoi mhinicíocht na bhforainmneacha *é*, *í* agus *iad* etc. agus a bheith cáiréiseach faoi stéiréitíopáil.
- Leanfaimid dár bpolasaí tacú leis an éagsúlacht ar na cuntais meán sóisialta atá faoinár gcúram, trína chinntiú go léireofar éagsúlacht inscne in íomhánna a fhoilsímid.
- Inár scéimeanna iarrfaimid ar iarrthóirí a léiriú conas a thacóidh siad le cur chun cinn na héagsúlachta inscne san obair a mhaoiníonn Foras na Gaeilge agus cuirfear na freagraí sin san áireamh agus iarratais á meas.

4.8 Míchumas

Tá bearta á nglacadh ag Foras na Gaeilge cheana féin sa réimse seo:

- Leanfaimid dár bpolasaí tacú leis an éagsúlacht ar na cuntais meán sóisialta atá faoinár gcúram, trína chinntiú go léireofar daoine faoi mhíchumas san ábhar a fhoilsítear.
- Inár scéimeanna iarrfaimid ar iarrthóirí a léiriú conas a thacóidh siad le cur chun cinn an chomhionannais i dtaca le míchumas san obair a mhaoiníonn Foras na Gaeilge agus cuirfear na freagraí sin san áireamh agus iarratais á meas.

Treiseoimid ar ár gcuid oibre i dtaca le míchumas le linn shaolré an *TS* seo trí Phlean Gníomhaíochta um Míchumas a fhorbairt de réir na ndualgas a leagfar amach inár Scéim Comhionannais athbhreithnithe.

4.9 Cleithiúnaithe

Níl aon bheart maolaithe á mholadh againn i dtaca le daoine a bhfuil/nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Tá bearta á nglacadh ag Foras na Gaeilge cheana féin sa réimse seo:

- Leanfaimid dár bpolasaí tacú leis an éagsúlacht ar na cuntais meán sóisialta atá faoinár gcúram, trína chinntiú go léireofar éagsúlacht i dtaca le cleithiúnaithe san ábhar a fhoilsítear.
- Inár scéimeanna iarrfaimid ar iarrthóirí a léiriú conas a thacóidh siad le cur chun cinn an chomhionannais i dtaca le daoine a bhfuil/nach bhfuil cleithiúnaithe acu san obair a mhaoiníonn Foras na Gaeilge agus cuirfear na freagraí sin san áireamh agus iarratais á meas.

5. Comhairliúchán

5.1 Próiseas comhairliúcháin

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin seo, tugadh deis don mhórphobal tuairimí a léiriú faoin *TS*. Ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2024, tugadh cuireadh do dhaoine suirbhé gearr a chomhlánú agus/nó aighneacht a chur faoinár mbráid. D'eisíomar preasráitis faoin bpróiseas agus rinneamar poiblíocht air sna meáin chumarsáide agus sna meáin shóisialta.

D'aithin Foras na Gaeilge áfach gur ghá bearta breise lena chinntiú go mbainfimid amach na catagóirí comhionannais atá luaite sa mheasúnacht seo agus go raibh dualgas orainn a chinntiú go ndéanfar cumarsáid éifeachtach le spriocghrúpaí mar chuid den chomhairliúchán. Chuige sin, ghlacamar na bearta seo a leanas:

- Rinneamar uasdátú ar ár mbunachar comhairliúcháin maidir le grúpaí ionadaíocha sa Tuaisceart, grúpaí a bhaineann leis na catagóirí mionlaigh agus eagraíochtaí eile (mar shampla údaráis áitiúla) san áireamh.
- Chuireamar grúpaí/eagraíochtaí sa bhunachar ar an eolas go rialta le linn an phróisis comhairliúcháin go bhféadfaidís an suirbhé a chomhlánú agus/nó aighneacht a chur isteach.
- Reáchtálamar cruinnithe aghaidh ar aghaidh le heagraíochtaí ionadaíocha le tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid mianta i leith an *TS*.
- Foilsíodh fógraí faoin gcomhairliúchán sna meáin chumarsáide/shóisialta, agus rinneadh fógraíocht spriocdhírithe bunaithe ar úsáideoirí sa Tuaisceart.
- Chuireamar an *TS* ar fáil i bhformáidí inrochtana éagsúla (leagan i gcló mór agus leagan in oiriúint do léitheoir scáileáin).

5.2 Torthaí an chomhairliúcháin

Go ginearálta, léiríodh tacaíocht sna haighneachtaí maidir leis an gcomhionannas. Tugadh tacaíocht ar leith don mholadh go gcuirfí deiseanna foghlama Gaeilge ar fáil d'inimircigh agus don phobal PAD sa Tuaisceart. I dtaca leis an bpobal inimirceach, moladh ról na scéime Céad Míle Fáilte a aithint agus soláthar a dhéanamh le leanúnachas na scéime a chinntiú. Léiríodh imní in aighneacht amháin go mbíonn sé sách deacair ar phobail nua in Éirinn teacht ar acmhainní Béarla agus gurb é sin an tosaíocht a bhíonn acu.

Sna freagraí ar an suirbhé, léiríodh tacaíocht láidir don mholadh go ndíreofaí ar bhaill de phobail mhionlaigh de chúlraí éagsúla i bhfeachtais feasachta amach anseo. Luadh gur cheart úsáid na Gaeilge a spreagadh ar bhealach nach n-éascaíonn dioscúrsa ciníoch agus aontaíodh leis na tacaíochtaí a luadh sa dréacht d'inimircigh agus do phobail mhionlaigh eile.

Bunaithe ar an aiseolas dearfach, shocraíomar na tagairtí don chomhionannas sa dréacht-TS a fhágáil mar a bhí sa leagan deireanach.